



TALÁITÍ: NA NITHE NACH MÓR DUIT A BHEITH AR AN EOLAS FÚTHU

CÉARD IAD TALÁITÍ?

Is é atá i dTaláití¹ ná grúpa ceimiceán tionsclaíoch a úsáidtear go forleathan mar phlaisteacháin chun plaistigh a dhéanamh solúbtha agus marthanach. Áiríonn an grúpa líon mór ceimiceán a bhfuil airíonna agus úsáidí éagsúla acu.

Conas a úsáidtear taláití?

Mórúsáid taláití is ea plaisteach clóiríde polaiviníle (PVC) a bhogadh lena úsáid i raon leathan earraí tomhaltóra ar dóigh dóibh a bheith ann i d'áit chónaithe féin. Ina measc sin, áirítear urlárlach viníle, greamaithigh, glantaigh, úraitheoirí aeir, olaí bealaithe, pacáistíocht bhia agus éadaí. Úsáidtear taláití i dtáirgí cúraim phearsanta, lena n-áirítear gallúnach, seampú, sprae grauaige, cumhrán agus veamais ingne. Ina theannta sin, úsáidtear taláití i raon bréagán do leanaí, lena n-áirítear criáin, bréagáin inséidte, marla agus dúigh. Úsáidtear roinnt taláití mar bhratú ar chógaís, ar ullmhóidí luibhe agus ar fhorlíonadtaí cothaitheacha. De bhreis air sin, déantar PVC ina bhfuil taláití a úsáid sna hearnálacha pacáistíochta, tógála, troscáin, gluaisteán agus teileachumarsáide. Faigheann an tsochaí tairbhí suntasacha ó úsáidí áirithe, amhail PVC solúbtha a úsáid i bhfeistí leighis agus mar inlú ar shreangacha agus ar cháblaí i dtrealamh leictreach agus i bhfoirgnimh. Tá cosc ar roinnt taláití san Eoraip. Ach níl siad rialáilte sa tslí chéanna lasmuigh den Aontas Eorpach de bharr a gcuid úsáidí éagsúla. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh táirgí ina bhfuil na taláití sin a fháil ar mhargadh an Aontais Eorpaigh.

Conas is féidir le taláití dul isteach i do cholainn?

Tá roinnt bealaí ann inar féidir nochtadh daoine do thaláití tarlú agus tá nasc idir na bealaí sin agus na húsáidí éagsúla a bhaintear as na ceimiceáin sin. Ceann de na bealaí sin is ea bianna a ithe agus deochanna a ól, ar bianna agus deochanna iad a bhí i gcoimeádáin ina bhfuil taláití. Is féidir leanaí a nochtadh trí dhiúl ar bhréagáin phlaisteacha nó ar tháirgí plaisteacha ina bhfuil taláití. Bealach nochtadh tábhachtach eile is ea úsáid a bhaint as táirgí cúraim phearsanta ina bhfuil taláití. Ina theannta sin, d'fhéadfadh nochtadh tarlú mar gheall ar theagmháil le fabraicí agus feistí leighis ina bhfuil na substaintí sin. Go feadh méid níos lú, is féidir le daoine méideanna beaga taláití san aer laistigh nó i ndeannach a scaoiltear ó tháirgí plaisteacha sa bhaile nó san ionad oibre a ionanálú. Is mó an seans go nochtfar leanaí do cháithníní taláite i ndeannach mar gheall ar cé chomh minic a theagmhaíonn a lámha lena mbéal. Nuair a théann taláití isteach i gcolainn duine, díscailtear go tapa ina meitibilítí iad agus téann siad amach as an gcolainn go measartha tapa i bhfual.

RIOSCA CEIMICEACH A THUISCINT

Éiríonn an **riosca** díobhála ó aon cheimiceán ar leith as an nguais a bhaineann leis an gceimiceán agus, chomh maith leis sin, ón nochtadh don cheimiceán.

Baineann **guais** leis na hairíonna de chuid an cheimiceáin a dhéanann tocsaineach é, rud a chiallaíonn gur féidir leis díobháil a dhéanamh do shláinte an duine.

Is é atá i **nochtadh** ná cur síos ar mhéid ceimiceáin a mbíonn duine i dteagmháil leis agus, chomh maith leis sin, ar mhnicíocht an nochtadh.

Úsáidtear an téarma **tairseach** chun léiriú a thabhairt ar thiúchan, nó ar leibhéal, ceimiceáin ar féidir le daoine, de réir an eolais atá ann faoi láthair, a bheith nochtadh dó gan éifeachtaí diúltacha sláinte a fhulaingt. Meastar go bhfuil nochtadh suas go dtí an leibhéal sin sábháilte. Is féidir le roinnt ceimiceán a bheith ina gcúis le héifeachtaí sláinte beag beann ar an tiúchan agus meastar nach bhfuil aon tairseach ann i leith na gceimiceán sin. I gcás ceimiceáin den sórt sin, níl aon leibhéal nochtadh sábháilte.

Conas a d'fhéadfadh taláití difear a dhéanamh don tsláinte?

I bhfianaise na húsáide forleithne a bhaintear astu agus i bhfianaise na dóchúlacht go nochtfar daoine do thaláití ar bhonn laethúil, tá taighde déanta ag eolaithe chun imscrúdú a dhéanamh faoi thionchair fhéideartha ar an tsláinte. Tá fianaise ann go bhfuil taláití áirithe tocsaineach agus, mar sin, is féidir leo a bheith ina gcuid den chúis le roinnt galar ainsealach. Tá taláití eile ann nach léir na hairíonna sin a bheith acu agus meastar go bhfuil úsáidí reatha na dtaláití sin sábháilte.

I staidéir eolaíochta, tá sé faighte amach go ndéanann taláití áirithe² difear do chóras atáirgthe ainmhithe agus, dá bhrí sin, aicmíodh iad mar cheimiceáin thocsaineacha i gcomhthéacs atáirgeadh, rud a chiallaíonn go bhféadadís damáiste a dhéanamh do thorthúlacht daoine agus a bheith ina gcúis le díobháil don leanbh sa bhroinn. De bhreis air sin, is féidir le cuid de na taláití atá tocsaineach don atáirgeadh athrú a dhéanamh ar fheidhmiú an chórais hormónaigh agus, dá dhroim sin, tá siad ina gcúis le héifeachtaí dochracha sláinte in orgánach slán nó ina shliocht. Tá na héifeachtaí sin ábhartha freisin i dtaca le daoine de agus, mar thoradh air sin, d'aicmigh an tAontas Eorpach taláití áirithe³ mar shubstaintí a dhéanann difear don chóras hormónach agus ar a dtugtar comhdhúile réabtha iontálaigh. Tá bearta déanta ag an Aontas Eorpach chun íoslaghdú a dhéanamh ar an nochtadh do na ceimiceáin sin, de réir mar a thuairiscítear anseo thíos.

Mar thoradh ar staidéir eipidéimeolaíochta, tá sé faighte amach go bhfuil nochtadh do thaláití áirithe bainteach le hotracht, le hinslinfhriotáioch, le hasma, le neamhord an easnaimh airde agus le neamhord hipirghníomhaíochta an easnaimh airde.

Tá sé tugtha faoi deara gur féidir tocsaineacht fhoriomlán meascán ina bhfuil roinnt taláití leithleacha ag a bhfuil airíonna comhchosúla a ríomh trí na





dáileoga nó na tiúchana a shuimiú le chéile, agus an neart (tocsaineacht choibhneasta) á chur san áireamh.

Tá daoine áirithe sa tsochaí níos leochailí i leith tionchair shláinte mar thoradh ar nochtadh do thaláití ag a bhfuil airíonna tocsaineacha, go háirithe leanaí óga agus mná torracha.

¹ - Tugtar eistir thaláite nó eistir aigéid taláite ar thaláití freisin

² - San Aontas Eorpach, tá na taláití seo a leanas aicmithe mar cheimiceáin atá tocsaineach don atáirgeadh: DEHP, BBzP, DnBP, DiBP, DCHP, DnPeP, DiPeP, DMEP, PIPP, DnHP, 1,2-aigéad Beinséindécharbocsaileach, eistear dépheintile, de chineál brainseach agus líneach

³ - San Aontas Eorpach, tá na taláití seo a leanas aicmithe mar chomhdhúile réabtha iontálaigh: DEHP, BBzP, DnBP, DiBP, DCHP





Nochtadh daoine do thaláití san Eoraip

Chun tuiscint a fháil ar nochtadh daoine do thaláití, déantar a dtáirgí dianscaoilte a thomhas i bhfual.

Mar thoradh ar staidéir bhithmhónatóireachta ar dhaoine, tá meitibilití taláite aimsithe i bhfuil nó i bhfual na ndaoine a ndearnadh suirbhé ina measc, rud a thugann le fios go mbíonn formhór mór dhaonra na hEorpa nochtá do dháileoga ísle taláití ar bhonn leanúnach. Braitear meitibilití taláite i gcéatadán an-ard de na daonraí a ndéantar suirbhé ina measc agus, de réir roinnt staidéar ar dhaonraí ionadaitheacha, bhí siad ann i ngach uile dhuine.

De réir staidéir atá déanta le déanaí, is léir go bhfuil laghdú ag teacht ar an nochtadh do na taláití is guaisí tar éis cosc a bheith curtha i bhfeidhm, rud a léiríonn go bhfuil rialáil ceimiceán éifeachtach maidir le sláinte an duine a chosaint. Ach, de réir staidéar a rinneadh le déanaí ar dhaonra ionadaitheach leanaí Gearmánacha, is féidir cuid de na taláití a aimsiú fós sna samplaí go léir a thástáiltear.

Ach ní hionann taláití a bhrath i bhfual duine agus a rá, de riachtanas, go bhfuil díobháil déanta do shláinte an duine lena mbaineann. Tá sé sin ag brath ar thiúchan agus ar fhad an nochtá, ar aois an duine lena mbaineann agus ar stádas sláinte an duine áirithe sin.

Is é atá i gceist le bithmhónatóireacht ar dhaoine ná samplaí beaga fola, fuail nó gruaige a ghlacadh agus tíúchan ceimiceán sa sampla a thomhas. Mar thoradh ar an tomhas sin, cinntear méid iomlán ceimiceán sa cholainn, rud a léiríonn an t-ionchur go léir ó gach foinse fhéideartha.

Is fearr samplaí a ghlacadh ó líon mór daoine chun léargas a fháil ar an nochtadh laistigh de dhaonra ar leith.

Cad atá á dhéanamh ag HBM4EU maidir le taláití?

Tá HBM4EU ag obair chun freagra a fháil ar na ceisteanna tábhachtacha seo a leanas maidir le taláití d'fhonn faisnéis a bhailiú a úsáidfeair i ndáil le meastóireacht ar na rioscaí féideartha do shláinte an duine agus chun tacaíocht a thabhairt i ndáil le húsáid shábháilte.

- Céard é nochtadh reatha dhaonra an Aontais Eorpaigh do thaláití?
- An ábhar imní maidir le cúrsaí sláinte é an leibhéal nochtá sin?
- An gcuireann na malairtí atá ar fáil le haghaidh taláití an tsláinte phoiblí i mbaol?
- An mó an riosca atá ann i gcás leanaí?
- Cad iad na príomhfhoinsí nochtá do thaláití?

Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach leathanach gréasáin HBM4EU maidir le taláití.

Conas is féidir leat do nochtadh do thaláití a laghdú?

Más ábhar imní duit é an t-ábhar seo, is féidir leat na bearta seo a leanas a dhéanamh chun an nochtadh a laghdú.

- Léigh lipéid táirgí agus roghnaigh táirgí atá saor ó thaláití, más féidir.
- Glan agus aeraigh d'ait chónaithe go tráthrialta chun fáil réidh le deannach a bhféadfadh taláití a bheith ann a scaoileadh ó tháirgí agus ó throscáin.
- Roghnaigh earraí bia úra seachas bia agus deochanna pacáistithe próiseáilte.
- Tabhair do d'aire go bhfuil sé níos dóchúlá go mbeidh taláití ann i dtáirgí tomhaltóra a dhéantar le PVC solúbtha.

Conas atá saoránaigh á gcosaint ag an Aontas Eorpach?

Tá gníomh déanta ag an Aontas Eorpach chun laghdú a dhéanamh ar nochtadh saoránach do thaláití, ar nochtadh é arb eol ina leith go bhfuil sé ina chúis le rioscaí don tsláinte.

- Ní féidir roinnt taláití (DEHP, BBZP, DIBP agus DNBP) a úsáid san Aontas Eorpach gan údarú a fháil le haghaidh úsáidí sonracha.
- Tá cosc ar DEHP, DNBP, DIBP agus BBZP i ngach bréagán agus i ngach earra do leanaí, agus tá cosc ar DINP, DIDP agus DNOP i mbréagáin agus in earraí do leanaí, ar earraí iad ar féidir iad a chur isteach sa bhéal.
- Tá toirmeasc ar thaláití atá aicmithe mar cheimiceán atá tocsaineach don atáirgeadh a úsáid i gcosmaidí.
- Tá teorainneacha dlíthiúla á leagan síos ag an Aontas Eorpach i ndáil le tíúchan taláití áirithe (DEHP, BBZP agus DNBP) in ábhair atá beartaithe chun bheith i dteagmháil le bia.

Agus sinn ag breathnú amach romhainn, beidh cosc ar na taláití DiPeP, DnPeP, PIPP agus DMEP a úsáid i dtáirgí tomhaltóra atá ar mhargadh an Aontais Eorpach le héifeacht ó Iúil 2020. Tá iarrachtaí eile á ndéanamh chun úsáid taláití áirithe a shrianadh tuilleadh san Aontas Eorpach.

Ach, le linn meastóireacht a dhéanamh ar nochtadh daoine do thaláití, tá sé tábhachtach go gcuirtear san áireamh go bhféadfadh taláití atá coiscthe san Aontas Eorpach a bheith ann in earraí a allmhairítear ó thíortha lasmuigh den Aontas Eorpach inar laige na rialuithe atá ann.

De bhreis air sin, d'fhéadfadh taláití áirithe atá coiscthe anois a bheith ann i seanearraí atá á n-úsáid in áiteanna cónaithe agus in ionaid oibre daoine agus a táirgeadh sular tháinig na rialuithe a thuairiscítear thuas i bhfeidhm. Dá bhrí sin, tá taláití, lena n-áirítear taláití ag a bhfuil airíonna guaiseacha, le fáil ó lá go lá fós inár dtimpeallacht.

